Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B

COUNCIL REGULATION (EC) No 539/2001

of 15 March 2001

listing the third countries whose nationals must be in possession of visas when crossing the external borders and those whose nationals are exempt from that requirement

(IO L 81, 21.3.2001, lch. 1)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►M1	Council Regulation (EC) No 2414/2001 of 7 December 2001 (*)	L 327	1	12.12.2001
►M2	Council Regulation (EC) No 453/2003 of 6 March 2003 (*)	L 69	10	13.3.2003
►M3	Council Regulation (EC) No 851/2005 of 2 June 2005 (*)	L 141	3	4.6.2005
►M4	Council Regulation (EC) No 1791/2006 of 20 November 2006 (*)	L 363	1	20.12.2006
►M5	Council Regulation (EC) No 1932/2006 of 21 December 2006 (*)	L 405	23	30.12.2006
►M6	Council Regulation (EC) No 1244/2009 of 30 November 2009 (*)	L 336	1	18.12.2009
►M7	Rialachán (AE) Uimh. 1091/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010	L 329	1	14.12.2010
►M8	Rialachán (AE) Uimh. 1211/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2010	L 339	6	22.12.2010
►M9	Council Regulation (EU) No 517/2013 of 13 May 2013 (*)	L 158	1	10.6.2013
►M10	Rialachán (AE) Uimh. 610/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013	L 182	1	29.6.2013
►M11	Rialachán (AE) Uimh. 1289/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013	L 347	74	20.12.2013
►M12	Rialachán (AE) Uimh. 259/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014	L 105	9	8.4.2014
►M13	Rialachán (AE) Uimh. 509/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014	L 149	67	20.5.2014
►M14	Rialachán (AE) 2017/371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 1 Márta 2017	L 61	1	8.3.2017
►M15	Rialachán (AE) 2017/372 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 1 Márta 2017	L 61	7	8.3.2017

(*) Níor foilsíodh an gníomh seo i nGaeilge.

Arna leasú le:

►**A1**	Ionstraim i dtaobh choinniolladn aonudnis Phoblacht na Seice, Phoblacht na hliastéine, Phoblacht na Cipire, Phobladlt na Iaitvia, Pllobllcllt III Liotuiine, Phoblacht na hUng5.ire, Phoblach; Mhélta, Phoblacht na Polainne, Plioblacht na Sléivéine agus Phoblacht na Slévaiee agus oiriiinuithe na gCom|-dni at a bhfuil an i:Aontas Eorpach fothaithe	L 236	33	23.9.2003

▼B

COUNCIL REGULATION (EC) No 539/2001

of 15 March 2001

listing the third countries whose nationals must be in possession of visas when crossing the external borders and those whose nationals are exempt from that requirement

▼M13

Airteagal –1

Is é is cuspóir don Rialachán seo na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh faoi réir an cheanglais víosa, nó díolmhaithe uaidh, a chinneadh, ar bhonn measúnaithe de réir gach cáis ar leith ar roinnt critéar a bhaineann, *inter alia*, le himirce neamhdhleathach, beartas poiblí agus slándáil, tairbhe eacnamaíoch, go háirithe i dtéarmaí turasóireachta agus trádála coigríche, agus caidreamh seachtrach an Aontais leis na tríú tíortha ábhartha, lena n-áirítear, go háirithe, breithnithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, chomh maith leis na himpleachtaí a bhaineann le comhleanúnachas agus cómhalartacht réigiúnach.

▼B

Article 1

1. Nationals of third countries on the list in Annex I shall be required to be in possession of a visa when crossing the external borders of the Member States.

▼M5

Without prejudice to the requirements stemming from the European Agreement on the Abolition of Visas for Refugees signed at Strasbourg on 20 April 1959, recognised refugees and stateless persons shall be required to be in possession of a visa when crossing the external borders of the Member States if the third country in which they are resident and which has issued them with their travel document is a third country listed in Annex I to this Regulation.

▼B

2. ►M10 Beidh náisiúnaigh tríú tíortha atá ar an liosta in Iarscríbhinn II díolmhaithe ón gceanglas atá leagtha síos i mír 1 i gcás fanachtaí nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá. ◄

▼M5

The following shall also be exempt from the visa requirement:

— the nationals of third countries listed in Annex I to this Regulation who are holders of a local border traffic card issued by the Member States pursuant to Regulation (EC) No 1931/2006 of the European Parliament and of the Council of 20 December 2006 laying down rules on local border traffic at the external land borders of the Member States and amending the provisions of the Schengen Convention ([1]) when these holders exercise their right within the context of the Local Border Traffic regime;

([1]) OJ L 405, 20.12.2006, p. 1.

▼M5

— school pupils who are nationals of a third country listed in Annex I and who reside in a Member State applying Council Decision 94/795/JHA of 30 November 1994 on a joint action adopted by the Council on the basis of Article K.3.2.b of the Treaty on European Union concerning travel facilities for school pupils from third countries resident in a Member State [1] and are travelling in the context of a school excursion as members of a group of school pupils accompanied by a teacher from the school in question;

— recognised refugees and stateless persons and other persons who do not hold the nationality of any country who reside in a Member State and are holders of a travel document issued by that Member State.

▼B

3. Nationals of new third countries formerly part of countries on the lists in Annexes I and II shall be subject respectively to the provisions of paragraphs 1 and 2 unless and until the Council decides otherwise under the procedure laid down in the relevant provision of the Treaty.

▼M11

4. I gcás inar chuir tríú tír atá liostaithe in Iarscríbhinn II ceanglas víosa i bhfeidhm le haghaidh náisiúnach Ballstáit amháin ar a laghad, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(a) laistigh de 30 lá tar éis don tríú tír an ceanglas víosa a chur chun feidhme nó, i gcásanna ina gcoimeádfar an ceanglas víosa atá ann 9 Eanáir 2014, laistigh de 30 lá ón dáta sin, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas ina leith i scríbhinn.

Maidir leis an bhfógra sin:

(i) sonrófar ann dáta cur chun feidhme an cheanglais víosa agus cineálacha na ndoiciméad taistil agus na víosaí lena mbaineann;

(ii) áireofar leis an bhfógra sin míniú mionsonraithe ar na réamhbhearta a rinne an Ballstát lena mbaineann d'fhonn taisteal gan víosa a áirithiú leis an tríú tír lena mbaineann agus áireofar leis an fhaisnéis go léir is ábhartha.

Foilseoidh an Coimisiún faisnéis faoin bhfógra sin gan mhoill in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear faisnéis maidir le dáta cur chun feidhme an cheanglais víosa agus cineálacha na ndoiciméad taistil agus na víosaí lena mbaineann.

Má chineann an tríú tír an ceanglas víosa a tharraingt siar sula n-éagann an sprioc-am dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo, ní thabharfar an fógra, nó, aistarraingeofar é agus ní fhoilseofar an fhaisnéis;

(b) déanfaidh an Coimisiún, láithreach bonn tar éis dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fomhír de phointe (a) agus i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann, glacfaidh an Coimisiún céimeanna, i

[1] OJ L 327, 19.12.1994, p. 1.

▼**M11**

gcomhar le húdaráis an tríú tír, go háirithe i réimsí polaitiúla, eacnamaíocha agus tráchtála, d'fhonn taisteal gan víosa a athbhunú nó a thabhairt isteach agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas gan mhoill maidir leis na céimeanna sin;

(c) i gcás nach bhfuil an tríú tír tar éis an ceanglas víosa a tharraingt siar laistigh de 90 lá tar éis dáta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fomhír de phointe (a) agus in ainneoin na gcéimeanna a glacadh i gcomhréir le pointe (b), féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a iarraidh ar an gCoimisiún an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí do chatagóirí áirithe náisiúnach an tríú tír sin. I gcás ina ndéanfaidh Ballstát iarraidh dá shórt, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi;

(d) Déanfaidh an Coimisiún, agus céimeanna breise á meá aige i gcomhréir le pointe (e), pointe (f) nó pointe (h), toradh na mbeart arna nglacadh ag an mBallstát lena mbaineann chun taisteal gan víosa leis an tríú tír i gceist a áirithiú, mar aon leis na céimeanna a ghlacfar i gcomhréir le pointe (b) chun a athbhunú nó a thabhairt isteach, agus na hiarmhairtí a thagann ó fhionraí na díolúine ón gceanglas víosa i ndáil leis an gcaidreamh seachtrach a bhíonn ag an Aontas agus a Bhallstáit leis an tríú tír ábhartha si;.

(e) muna mbíonn an ceanglas víosa tarraingthe siar ag an tríú tír sin lena mbaineann, déanfaidh an Coimisiún, sé mhí ar a dhéanaí ó dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fomhír de phointe (a) agus ansin ag eatraimh nach faide ná sé mhí laistigh de thréimhse iomlán nach rachaidh thar an dáta ina ngabhfaidh éifeacht leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear i bpointe (f) nó má chuirtear ina aghaidh:

(i) gníomh cur chun feidhme a ghlacadh ar iarraidh ón mBallstát (Ballstáit) lena mbaineann nó ar a thionscnamh féin lena gcuirfear ar fionraí go sealadach, go ceann tréimhse sé mhí, an díolúine ón gceanglas víosa atá ag catagóirí áirithe náisiúnach ón tríú tír lena mbaineann; Cinnfear leis an ngníomh cur chun feidhme sin dáta, laistigh de 90 lá tar éis a theacht i bhfeidhm, ar a ngabhfaidh éifeacht le fionraí na díolúine ón gceanglas víosa, agus na hacmhainní atá ar fáil i gconsalachtaí na mBallstát á gcur san áireamh. Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh aige,féadfaidh an Coimisiún tréimhsí breise nach faide ná sé mhí a chur leis an bhfionraí sin agus modhnú a dhéanamh ar chatagóirí na náisiúnach ón tríú tír atá i dtreis agus ar fionraíodh an díolúine ón gceanglas víosa ina leith.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4a(2). Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 4 den Rialachán sin,éileofar go mbeidh víosa ina sheilbh ag gach catagóir náisiúnaigh ón tríú tír dá dtagraítear sa ghníomh cur chun feidhme, le linn thréimhsí na fionraíochta sin, agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát; nó

(ii) cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid an choiste dá dtagraítear in Airteagal 4a(1) lena ndéanfar measúnú ar an gcás agus ina léireofar na cúiseanna ar bheartaigh an coiste gan an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir leis.

▼**M11**

Cuirfear na tosca ábhartha uile, amhail iad siúd dá dtagraítear i bpointe (d), san áireamh sa tuarascáil sin. Féadfaidh Parlaimint na hEorpah agus an Chomhairle plé polaitiúil a dhéanamh ar bhonn na tuarascála sin;

(f) Muna mbíonn an ceanglas víosa tarraingthe siar ag an tríú tír lena mbaineann laistigh de 24 mhí tar éis dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fomhír de phointe (a), glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 4b lena gcuirfear ar fionraí sealadach, ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag, cur i bhfeidhm Iarscríbhinn II ar feadh tréimhse 12 mhí le haghaidh náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann. Cinnfear leis an ngníomh tarmligthe dáta, laistigh de 90 lá tar éis a theacht i bhfeidhm, ar a ngabhfaidh éifeacht leis an bhfionraí maidir le cur i bhfeidhm Iarscríbhinn II, agus na hacmhainní atá ar fáil i gconsalachtaí na mBallstát á gcur san áireamh agus lena leasófar Iarscríbhinn II dá réir. Déanfar an leasú sin trí bhíthin fo-nóta a chur le hais ainm an tríú tír atá i dtreis, ina gcuirtear in iúl go bhfuil an díolúine ón víosa ar fionraí i ndáil leis an tríú tír sin agus ina sainníteaar tréimhse na fionraíochta sin.

Maidir leis an dáta ar a ngabhann éifeacht le fionraíocht chur i bhfeidhm Iarscríbhinn II do náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann nó i gcás ina mbíonn agóid i gcoinne an ghnímh tharmligthe á chur in iúl de bhun Airteagal 4b(5),rachaidh aon ghníomh tarmligthe a glacadh de bhun phointe (e) a bhaineann leis an tríú tír sin.

Má tharlaíonn sé go ndéanann an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh mar a thagraítear dó i bpointe (h),cuirfear 6 mhí de shíneadh breise leis an tréimhse fionraithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo. Déanfar an fonóta dá dtagraítear san fhomhír sin a leasú dá réir.

Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 4, éileofar go mbeidh víosa ina sheilbh ag gach catagóir náisiúnaigh ón tríú tír a mbaineann an gníomh tarmligthe léi, le linn thréimhsí na fionraíochta sin, agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát.

(g) aon fhógra a dhéanfaidh Ballstát eile ina dhiaidh sin de bhun phointe (a) a bhaineann leis an tríú tír chéanna le linn thréimhse feidhme na mbeart de réir phointí (e) go (f) i ndáil leis an tríú tír sin, déanfar iad a chumasc sna nósanna imeachta leantacha sin gan fad a chur leis na sprioc-amanna nó le tréimhsí feidhme a leithéidí de bhearta;

(h) Muna bhfuil an ceanglas víosa tarraingthe siar ag an tríú tír laistigh de shé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an gnímh tarmligthe dá dtagraítear i bpointe (f), féadfaidh an Coimisiún togra reachtach chun an Rialachán seo a leasú a thíolacadh chun an tagairt don tríú tír a aistriú ó Iarscríbhinn II go dtí Iarscríbhinn I;

(i) ní chuirfidh na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointí (e),(f) agus (h) isteach ar an gceart atá ag an gCoimisiún togra reachtaíochta a chur isteach am ar bith lena leasaítear an Rialachán sin d'fhonn an tagairt don tríú tír lena mbaineann a aistriú ó Iarscríbhinn II go dtí Iarscríbhinn I;

(j) I gcás ina gcuirfidh an tríú tír lena mbaineann deireadh leis an gceanglas víosa, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún faoi sin láithreach. Foilseoidh an Coimisiún an fógra gan mhoill in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

▼**M11**

Aon ghníomh cur chun feidhme nó gníomh tarmhligthe a ghlactar de bhun phointe (e) nó phointe (f) a bhaineann leis an tríú tír lena mbaineann, rachaidh sé in éag seacht lá tar éis an fhoilsithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo. Má tá ceanglas víosa tugtha isteach ag an tríú tír atá i dtreis maidir le náisiúnaigh de chuid dhá Bhallstát nó níos mó,éagfaidh na gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme a bhaineann leis an tríú tír sin seacht lá tar éis an fógra a fhoilsiú a bhaineann leis an mBallstát deiridh a raibh a náisiúnaigh faoi réir cheanglas víosa ag an tríú tír sin. Déanfar an fonóta sa chéad fhomhír de phointe (f) a scrios tar éis don gníomh tarmligthe lena mbaineann dul in éag. Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis maidir leis an dul in éag sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh gan mhoill.

Sa chás ina gcuireann an tríú tír atá i dtreis deireadh leis an gceanglas víosa agus nach dtugann an Ballstát lena mbaineann aon fhógra di i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den phointe seo, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh gan mhoill ar a thionscnamh féin leis an bhfoilsiúchán dá dtagraítear sa bhfomhír sin agus beidh feidhm ag an dara fomhír den phointe seo.

_____

▼**M14**

Airteagal 1a

1. De mhaolú ar Airteagal 1(2), déanfar an díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II a chur ar fionraí go sealadach, bunaithe ar shonraí ábhartha agus oibiachtúla, i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Féadfaidh Ballstát fógra a thabhairt don Choimisiún más rud é, thar thréimhse dhá mhí, i gcomparáid leis an tréimhse chéanna den bhliain roimhe sin, nó leis an dá mhí dheireanacha roimh theacht i bhfeidhm na díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II, más rud é gurb ann do cheann amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas:

(a) méadú suntasach a theacht ar an líon náisiúnach den tríú tír sin ar diúltaíodh dul isteach dóibh nó a bhfuarthas go bhfuil siad ag fanacht ar chríoch an Bhallstáit gan ceart chuige sin a bheith acu;

(b) méadú suntasach a theacht ar an líon iarratas ar thearmann ó náisiúnaigh den tríú tír sin, ar tír í a bhfuil an ráta aitheantais íseal ina leith;

(c) laghdú ar an gcomhar leis an tríú tír sin maidir le hathligean isteach, arna fhíorú le sonraí leordhóthanacha, go háirithe méadú suntasach a bheith tagtha ar ráta diúltaithe na n-iarratas ar athligean isteach a chuir an Ballstát faoi bhráid an tríú tír sin, ar iarratais iad a bhaineann le náisiúnaigh den tríú tír sin nó, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh i gcomhaontú um athligean isteach a tugadh i gcrích idir an tAontas nó an Ballstát sin agus an tríú tír sin, le náisiúnaigh tríú tír a rinne idirthuras tríd an tríú tír sin;

▼**M14**

(d) riosca méadaithe nó garbhagairt a bheith ann do bheartas poiblí nó do shlándáil inmheánach na mBallstát, go háirithe méadú suntasach ar chionta coiriúla tromchúiseacha, a bhaineann le náisiúnaigh ón tríú tír sin, arna bhfíorú le faisnéis oibiachtúil, nithiúil ábhartha agus le sonraí arna gcur ar fáil ag údaráis inniúla.

Maidir leis an bhfógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír, tabharfar na cúiseanna ar a bhfuil sé bunaithe agus cuimseofar leis sonraí agus staidreamh ábhartha mar aon le míniú mionsonraithe ar na réamhbhearta atá glactha ag an mBallstát lena mbaineann d'fhonn an staid a leigheas. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a shonrú san fhógra uaidh na catagóirí náisiúnach ón tríú tír lena mbaineann atá le cumhdach le gníomh cur chun feidhme faoi phointe (a) de mhír 4, lena léirítear na cúiseanna mionsonraithe atá leis. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas láithreach faoi fhógra den sórt sin.

2a. I gcás ina bhfuil faisnéis nithiúil iontaofa ag an gCoimisiún, agus sonraí, tuarascálacha agus staidreamh ábhartha á gcur san áireamh aige i dtaobh na n-imthosca dá dtagraítear i bpointe (a), pointe (b), pointe (c) nó pointe (d) de mhír 2, ar iomthosca iad a éiríonn i mBallstát amháin nó níos mó, nó i gcás nach bhfuil an tríú tír ag comhoibriú i ndáil le hathligean isteach, go háirithe i gcás ina bhfuil comhaontú um athligean isteach tugtha i gcrích idir an tríú tír sin agus an tAontas, mar shampla:

— iarratais ar athligean isteach a dhiúltú nó mainniú iad a phróiseáil in am trátha,

— mainniú doiciméid taistil a eisiúint in am trátha, ar chun críocha an fhillidh laistigh de na sprioc-amanna atá sonraithe sa chomhaontú um athligean isteach iad nó gan glacadh le doiciméid taistil Eorpacha arna n-eisiúint tar éis dhul in éag na sprioc-amanna atá sonraithe sa chomhaontú um athligean isteach, nó

— an comhaontú um athligean isteach a fhoirceannadh nó a chur ar fionraí,

déanfaidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go pras maidir lena anailís, agus beidh feidhm ag forálacha mhír 4.

2b. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chomhall leanúnach na gceanglas sonrach, atá bunaithe ar Airteagal - 1 agus a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht léirscaoilte víosa arna dheonú, ag na tríú tíortha ar díolmhaíodh a náisiúnaigh ón gceanglas víosa agus iad ag taisteal chuig críoch Ballstát, ar díolúine í ar toradh í ar idirphlé rathúil maidir le léirscaoileadh víosa idir an tAontas agus an tríú tír sin.

Ina theannta sin, tuairisceoidh an Coimisiún go tráthrialta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad, go ceann tréimhse seacht mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm léirscaoileadh víosa don tríú tír sin, agus ina dhiaidh sin nuair a mheasann an Coimisiún go bhfuil gá leis, nó arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle. Díreofar sa tuarascáil ar thríú tíortha ar ina leith a mheasann an Coimisiún nach gcomhalltar ceanglais áirithe a thuilleadh, bunaithe ar fhaisnéis nithiúil iontaofa.

I gcás ina dtaispeánann tuarascáil ón gCoimisiún nach gcomhalltar ceann amháin nó níos mó de na ceanglais shonracha a thuilleadh i ndáil le tríú tír ar leith, beidh feidhm ag mír 4.

▼**M14**

3. Scrúdóidh an Coimisiún aon fhógra arna thabhairt de bhun mhír 2, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(a) cibé acu an ann d'aon cheann de na staideanna a dtugtar tuairisc orthu i mír 2 nó nach ann dóibh;

(b) líon na mBallstát a ndéanann aon cheann de na staideanna a dtugtar tuairisc orthu i mír 2 difear dóibh;

(c) tionchar foriomlán na n-imthosca dá dtagraítear i mír 2 maidir le staid na himirce san Aontas i bhfianaise na sonraí a chuir na Ballstáit ar fáil nó atá ar fáil don Choimisiún;

(d) na tuarascálacha a ullmhóidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach, an Oifig Eorpach Tacaíochta do Ghnóthaí Tearmainn nó an Oifig Eorpach Póilíní (Europol) nó aon institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais nó eagraíocht idirnáisiúnta atá inniúil sna hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, má éilítear sin leis na himthosca sa chás sonrach;

(e) na tásca a d'fhéadfadh a bheith tugtha ag an mBallstát lena mbaineann san fhógra uaidh maidir le bearta féideartha faoi phointe (a) de mhír 4;

(f) ceist fhoriomlán an bheartais phoiblí agus na slándála inmheánaí, i gcomhairliúcháin leis an mBallstát lena mbaineann.

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas mar gheall ar thorthaí a scrúdaithe.

4. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, ar bhonn na hanailíse dá dtagraítear i mír 2a, ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear i mír 2b, nó ar bhonn an scrúdaithe dá dtagraítear i mír 3, agus iarmhairtí fhionraíocht na díolúine ón gceanglas víosa do chaidreamh seachtrach an Aontais agus na mBallstát leis an tríú tír lena mbaineann á gcur san áireamh aige, agus é ag obair i ndlúthchomhar leis an tríú tír lena mbaineann chun teacht ar réitigh mhalartacha fhadtéarmacha ag an am céanna, go bhfuil gá le gníomhaíocht, nó i gcás inar thug tromlach simplí de na Ballstáit fógra don Choimisiún á rá gurb ann d'imthosca dá dtagraítear i bpointe (a), (b), (c) nó (d) de mhír 2, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(a) Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena gcuirfear an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí go sealadach do náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann go ceann tréimhse naoi mí. Beidh feidhm ag an bhfionraíocht maidir le catagóirí áirithe náisiúnach den tríú tír lena mbaineann, trí thagairt do na cineálacha ábhartha doiciméad taistil agus, i gcás inarb iomchuí, do chritéir bhreise. Nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh aige maidir leis na catagóirí a bhfuil feidhm ag an bhfionraíocht leo, déanfaidh an Coimisiún, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, catagóirí atá mór a ndóthain chun go mbeidh siad ina gcabhair éifeachtúil chun aghaidh a thabhairt ar na himthosca dá dtagraítear i mír 2, i mír 2a agus i mír 2b a áireamh i ngach cás sonrach, agus urramóidh sé prionsabal na comhréireachta i gcomhthráth. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme laistigh de mhí amháin:

(i) tar éis dó na fógraí dá dtagraítear i mír 2 a fháil;

(ii) tar éis dó a bheith curtha ar an eolas faoin bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2a;

▼**M14**

(iii) tar éis dó an tuarascáil dá dtagraítear i mír 2b a thíolacadh; nó

(iv) tar éis dó an fógra a fháil ó thromlach simplí de na Ballstáit á rá gurb ann d'imthosca dá dtagraítear i bpointe (a), (b), (c) nó (d) de mhír 2.

Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4a(2) a ghlacfar an gníomh cur chun feidhme sin. Cinnfear leis an dáta a dtiocfaidh fionraíocht na díolúine ón gceanglas víosa i bhfeidhm.

Le linn na tréimhse fionraíochta, bunóidh an Coimisiún idirphlé feabhsaithe leis an tríú tír lena mbaineann, d'fhonn go leigheasfaí na himthosca atá i gceist.

(b) I gcás inarb ann i gcónaí do na himthosca dá dtagraítear i mír 2, i mír 2a agus i mír 2b, glacfaidh an Coimisiún, ar a dhéanaí dhá mhí roimh dhul in éag na tréimhse naoi mí dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 4b lena gcuirfear cur i bhfeidhm Iarscríbhinn II ar fionraí go sealadach go ceann tréimhse 18 mí maidir le náisiúnaigh uile an tríú tír lena mbaineann. Beidh feidhm ag an ngníomh tarmligthe ó dháta dhul in éag an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo agus déanfar Iarscríbhinn II a leasú leis dá réir. Déanfar an leasú sin trí fhonóta a chur le hais ainm an tríú tír atá i gceist, lena léirítear go bhfuil an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí i ndáil leis an tríú tír sin agus ina sonrófar tréimhse na fionraíochta sin.

I gcás inar thíolaic an Coimisiún togra reachtach de bhun mhír 5, déanfar an tréimhse fionraíochta dá bhforáiltear sa ghníomh tarmligthe a fhadú sé mhí. Déanfar an fonóta a leasú dá réir sin.

Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 4, cuirfear de cheangal, le linn na tréimhse fionraíochta, ar náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann víosaí a bheith ina seilbh acu agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát.

Ballstát a dhéanann foráil, i gcomhréir le hAirteagal 4, do dhíolúintí nua ón gceanglas víosa do chatagóir náisiúnach den tríú tír a chumhdaítear leis an ngníomh lena gcuirtear an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí, cuirfidh sé na bearta sin in iúl i gcomhréir le hAirteagal 5.

5. Roimh dheireadh thréimhse bailíochta an ghnímh tarmligthe a ghlactar de bhun phointe (b) de mhír 4, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Féadfaidh togra reachtach maidir le leasú a dhéanamh ar an Rialachán seo a bheith ag gabháil leis an tuarascáil d'fhonn an tagairt don tríú tír lena mbaineann a aistriú ó Iarscríbhinn II chuig Iarscríbhinn I.

6. I gcás ina mbeidh togra reachtach tíolactha ag an gCoimisiún de bhun mhír 5, féadfaidh sé bailíocht an ghnímh cur chun feidhme a ghlactar de bhun mhír 4 a fhadú go ceann tréimhse nach faide ná 12 mhí. Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4a(2) a ghlacfar an cinneadh chun bailíocht an ghnímh cur chun feidhme a fhadú.

▼**M14**

Airteagal 1b

Faoin 10 Eanáir 2018, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ndéantar measúnú ar éifeachtacht an tsásra cómhalartachta dá bhforáiltear in Airteagal 1(4) agus, más gá, déanfaidh sé togra reachtach a thíolacadh maidir leis an Rialachán seo a leasú. Is tríd an ngnáthnós imeachta reachtach a ghníomhóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i leith togra den sórt sin.

Airteagal 1c

Faoin 29 Márta 2021, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle a mbeidh measúnú inti ar éifeachtacht an tsásra fiontraíochta dá bhforáiltear in Airteagal 1a agus, más gá, déanfaidh sé togra reachtach a thíolacadh maidir leis an Rialachán seo a leasú. Is tríd an ngnáthnós imeachta reachtach a ghníomhóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i leith togra den sórt sin.

▼**M10**

Airteagal 2

Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn 'víosa' víosa faoi mar a shainmhínítear é in Airteagal 2(2)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí *(Cód Víosaí)* ([1]).

▼**M5**

———————

▼**B**

Article 4

▼**M11**

1. Féadfaidh Ballstát foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ón gceanglas víosa dá bhforáiltear le hAirteagal 1(1) nó ón díolúine ón gceanglas víosa dá bhforáiltear le hAirteagal 1(2) i gcás na ndaoine seo a leanas:

(a) sealbhóirí pasanna taidhleoireachta, pasanna seirbhíse/oifigiúla nó pasanna speisialta;

(b) baill d'aerchriú agus de mhuirchriú sibhialtach agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh;

(c) baill de mhuirchriú sibhialtach nuair a rachaidh siad i dtír, ar baill iad a mbeidh doiciméad aitheantais maraí acu a eisíodh i gcomhréir le Coinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair Uimh. 108 an 13 Bealtaine 1958 nó Uimh. 185 an 16 Meitheamh 2003 nó i gcomhréir le Coinbhinsiún na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta maidir le Muirthrácht Idirnáisiúnta a Éascú an 9 Aibreán 1965 ();

(d) criú agus baill de mhisin éigeandála nó tarrthála i gcás tubaiste nó tionóisce;

(e) criú sibhialtach long a bheidh ag loingsiú in uiscí intíre idirnáisiúnta;

([1]) IO L 243, 15.9.2009, lch. 1.

▼M11

(f) sealbhóirí doiciméad taistil a d'eisigh eagraíochtaí idirnáisiúnta idirrialtasacha a bhfuil Ballstát amháin ar a laghad ina bhall díobh, nó a d'eisigh eintitis eile a n-aithneoidh an Ballstát lena mbaineann go bhfuil siad faoi réir an dlí idirnáisiúnta, le hoifigigh na neagraíochtaí nó na n-eintiteas sin.

▼M5

2. A Member State may exempt from the visa requirement:

(a) a school pupil having the nationality of a third country listed in Annex I who resides in a third country listed in Annex II or in Switzerland and Liechtenstein and is travelling in the context of a school excursion as a member of a group of school pupils accompanied by a teacher from the school in question;

(b) recognised refugees and stateless persons if the third country where they reside and which issued their travel document is one of the third countries listed in Annex II;

(c) members of the armed forces travelling on NATO or Partnership for Peace business and holders of identification and movement orders provided for by the Agreement of 19 June 1951 between the Parties to the North Atlantic Treaty Organisation regarding the status of their forces;

▼M11

(d) gan dochar do na ceanglais a eascraíonn as an gComhaontú Eorpach maidir le Deireadh a chur le Víosaí do Dhídeanaithe a síniodh i Strasbourg an 20 Aibreán 1959, lena n-aithnítear dídeanaithe agus daoine gan stát agus daoine eile nach bhfuil náisiúntacht aon tíre acu agus a bhfuil cónaí orthu sa Ríocht Aontaithe nó in Éirinn agus a bhfuil doiciméad taistil acu a d'eisigh an Ríocht Aontaithe nó Éire, a aithneoidh an Ballstát lena mbaineann.

▼B

3. A Member State may provide for exceptions from the exemption from the visa requirement provided for in Article 1(2) as regards persons carrying out a paid activity during their stay.

▼M11

Airteagal 4a

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag mír 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás nach dtabharfaidh an coiste tuairim uaidh, ní dhéanfaidh an Coimisiún dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (OJ L 55, 28.2.2011, p. 13).

▼**M14**

Airteagal 4b

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 1(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón 9 Eanáir 2014. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

2a. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 1a(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón 28 Márta 2017. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 1(4) agus i bpointe (b) d'Airteagal 1a(4) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

3a. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([1]).

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun phointe (f) d'Airteagal 1(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse cheithre mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun phointe (b) d'Airteagal 1a(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid.

([1]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

▼B

Article 5

1. Within 10 working days of the entry into force of this Regulation, Member States shall communicate to the other Member States and the Commission the measures they have taken pursuant to Article 3, second indent and Article 4. Any further changes to those measures shall be similarly communicated within five working days.

2. The Commission shall publish the measures communicated pursuant to paragraph 1 in the *Official Journal of the European Communities* for information.

Article 6

This Regulation shall not affect the competence of Member States with regard to the recognition of States and territorial units and passports, travel and identity documents issued by their authorities.

Article 7

1. Council Regulation (EC) No 574/1999 ([1]) shall be replaced by this Regulation.

2. The final versions of the Common Consular Instruction (CCI) and of the Common Manual (CM), as they result from the Decision of the Schengen Executive Committee of 28 April 1999 (SCH/Com-ex(99) 13) shall be amended as follows:

1. the heading of Annex 1, part I of the CCI and of Annex 5, part I of the CM, shall be replaced by the following:

   ‘Common list of third countries the nationals of which are subject to the visa requirement imposed by Regulation (EC) No 539/2001’;

2. the list in Annex 1, part I of the CCI and in Annex 5, part I of the CM shall be replaced by the list in Annex I to this Regulation;

3. the heading of Annex 1, part II of the CCI and of Annex 5, part II of the CM shall be replaced by the following:

   ‘Common list of third countries the nationals of which are exempted from the visa requirement by Regulation (EC) No 539/2001’;

4. the list in Annex 1, part II of the CCI and in Annex 5, part II of the CM shall be replaced by the list in Annex II to this Regulation;

5. part III of Annex 1 to the CCI and part III of Annex 5 of the CM shall be deleted.

3. The decisions of the Schengen Executive Committee of 15 December 1997 (SCH/Com-ex(97)32) and of 16 December 1998 (SCH/Com-ex(98)53, rev.2) shall be repealed.

([1]) OJ L 72, 18.3.1999, p. 2.

▼**M1**

Article 8

This Regulation shall enter into force on the 20th day following that of its publication in the *Official Journal of the European Communities*.

▼**B**

This Regulation shall be binding in its entirety and directly applicable in the Member States in accordance with the Treaty establishing the European Community.

▼B

ANNEX I

Common list referred to in Article 1(1)

1. STATES

Afghanistan

▼M7

_____

▼B

Algeria

Angola

▼M5

_____

▼B

Armenia

Azerbaijan

▼M5

_____

▼B

Bahrain

Bangladesh

▼M5

_____

▼B

Belarus

Belize

Benin

Bhutan

▼M5

Bolivia

▼M7

_____

▼B

Botswana

Burkina Faso

Burma/Myanmar

Burundi

Cambodia

Cameroon

Cape Verde

Central African Republic

Chad

China

▼M13

_____

▼B

Congo

Côte d'Ivoire

Cuba

▼B

Democratic Republic of the Congo

Djijbouti

▼M13

_____

▼B

Dominican Republic

▼M2

Ecuador

▼B

Egypt

Equatorial Guinea

Eritrea

Ethiopia

▼M5

_____

▼B

Fiji

▼M6

_____

▼B

Gabon

Gambia

▼M15

_____

▼B

Ghana

▼M13

_____

▼B

Guinea

Guinea-Bissau

Guyana

Haiti

India

Indonesia

Iran

Iraq

Jamaica

Jordan

Kazakhstan

Kenya

▼M13

_____

▼B

Kuwait

Kyrgyzstan

Laos

Lebanon

Lesotho

Liberia

Libya

Madagascar

Malawi

▼B

Maldives

Mali

▼M13 _____

▼B

Mauritania

▼M5 _____

▼M13 _____

▼M12 _____

▼B

Mongolia

▼M6 _____

▼B

Morocco

Mozambique

Namibia

▼M13 _____

▼B

Nepal

Niger

Nigeria

North Korea

▼M8 _____

▼B

Oman

Pakistan

▼M13 _____

▼B

Papua New Guinea

▼M13 _____

▼B

Philippines

Qatar

Russia

Rwanda

▼M5 _____

▼M13 _____

▼B

São Tomé and Príncipe

Saudi Arabia

Senegal

▼M6

_____

▼M5

_____

▼B

Sierra Leone

▼M13

_____

▼B

Somalia

South Africa

Sri Lanka

Sudan

▼M13

tSúdáin Theas

▼B

Surinam

Swaziland

Syria

Tajikistan

Tanzania

Thailand

The Comoros

▼M13

_____

▼B

Togo

▼M13

_____

▼B

Tunisia

Turkey

Turkmenistan

_____

▼B

Uganda

Ukraine

▼M13

_____

▼B

Uzbekistan

▼M13

_____

▼B

Vietnam

▼M5

_____

▼B

Yemen

Zambia

Zimbabwe

▼B

2. ENTITIES AND TERRITORIAL AUTHORITIES THAT ARE NOT RECOGNISED AS STATES BY AT LEAST ONE MEMBER STATE

▼M2

_____

▼B

Palestinian Authority

▼M8

_____

▼M6

Kosovo as defined by the United Nations Security Council Resolution 1244 of 10 June 1999

▼M13

_____

▼B

ANNEX II

Common list referred to in Article 1(2)

1. STATES

▼M7
Albáin ([1])

▼B
Andorra

▼M5
Antigua and Barbuda ([2])

▼M13
Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ([3])

▼B
Argentina
Australia

▼M5
Bahamas ([2])
Barbados ([2])

▼M7
Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ([1])

▼M5
_____

▼B
Brazil

▼M5
Brunei Darussalam

▼M4
_____

▼B
Canada
Chile

▼M13
Cireabaití ([3])
an Cholóim ([3])

▼B
Costa Rica

▼M9
_____

▼A1
_____

▼M13
Doiminice ([3])

▼M2
_____

▼A1
_____

▼M6
former Yugoslav Republic of Macedonia ([4])

▼M13
Greanáda ([3])

([1]) Tá feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa maidir le sealbhóirí pasanna bithmhéadracha agus maidir leo sin amháin.
([2]) The exemption from the visa requirement will apply from the date of entry into force of an agreement on visa exemption to be concluded with the European Community.
([3]) Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.
([4]) The visa requirement exemption applies only to holders of biometric passports.

▼B

Guatemala

Holy See

Honduras

▼A1

_____

▼B

Israel

Japan

▼A1

_____

▼B

Malaysia

▼A1

_____

▼M5

Mauritius (1)

▼B

Mexico

▼M13

an Mhicrinéis (2)

▼M12

Moldóive, Poblacht na (3)

▼B

Monaco

▼M6

Montenegro (4)

▼M13

Nárú (2)

▼B

New Zealand

Nicaragua

▼M13

Oileáin Marshall (2)

Oileáin Palau (2)

Oileáin Sholomón (2)

Oileán na Tríonóide agus Tobága (2)

▼B

Panama

Paraguay

▼M13

Peiriú (2)

▼A1

_____

▼M4

_____

(1) The exemption from the visa requirement will apply from the date of entry into force of an agreement on visa exemption to be concluded with the European Community.

(2) Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.

(3) Beidh an tarscaoileadh víosaí teoranta do shealbhóirí pasanna bithmhéadracha arna n-eisiúint i gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).

(4) The visa requirement exemption applies only to holders of biometric passports.

▼M13

Saint Lucia (1)

▼B

Salvador

▼M13

Samó (1)

▼B

San Marino

▼M13

San Uinseann agus na Greanáidíní (1)

▼M15

An tSeoirsia (2)

▼M6

Serbia (excluding holders of Serbian passports issued by the Serbian Coordination Directorate (in Serbian: *Koordinaciona uprava*)) (3)

▼M5

Seychelles (4)

▼B

Singapore

▼A1

_____

▼B

South Korea

▼M5

Saint Kitts and Nevis (4)

▼M2

_____

▼M13

Tíomór Thoir (1)

Tonga (1)

Tuvalu (1)

▼B

United States of America

Uruguay

▼M13

Vanuatú (1)

▼B

Venezuela

(1) Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.
(2) Tá an tarscaoileadh víosaí teoranta do shealbhóirí pasanna bithmhéadracha arna n-eisiúint ag an tSeoirsia i gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).
(3) The visa requirement exemption applies only to holders of biometric passports.
(4) The exemption from the visa requirement will apply from the date of entry into force of an agreement on visa exemption to be concluded with the European Community.

▼B

2. SPECIAL ADMINISTRATIVE REGIONS OF THE PEOPLE'S REPUBLIC OF CHINA

Hong Kong SAR ([1])

Macao SAR ([2])

▼M13

3. SAORÁNAIGH BHRIOTANACHA NACH NÁISIÚNAITHE DE CHUID RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN IAD CHUN CRÍOCHA DHLÍ AN AONTAIS:

Náisiúnaithe Briotanacha (Thar Lear)

Daoine is saoránaigh de Chríocha Briotanacha thar lear (BOTC)

Saoránaigh Bhriotánacha thar lear (BOC)

Daoine Briotanacha faoi chosaint (BPP)

Géillsinigh Bhriotanacha (BS).

▼M8

4. EINTITIS AGUS ÚDARÁIS CHRÍCHE NACH bhFUIL AITHEANTA MAR STÁIT AG BALLSTÁT AMHÁIN AR A LAGHAD:

An Téaváin ([3])

([1]) The visa requirement exemption applies only to holders of a ‘Hong Kong Special Administrative Region’ passport.

([2]) The visa requirement exemption applies only to holders of a ‘Região Administrativa Especial de Macau’ passport.

([3]) Tá feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa maidir le sealbhóirí pasanna arna n-eisiúint ag an Téaváin ar pasanna iad a bhfuil uimhir chárta aitheantais orthu, agus maidir leo sin amháin.